# 22 Cáin Sóinseála agus Cáin Shiarchoinneálach Scannánaíochta a Leithdháileadh

**22.1** Tá Oifig Ard-Bhailitheoir na gCoimisinéirí Ioncaim (an tArd-Bhailitheoir) freagrach as an gcuid is mó d'fháltais bhliantúla chánach na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailiú. Ina theannta sin, déanann an tArd-Bhailitheoir plé le roinnt feidhmeanna ar leith, amhail faoiseamh cánach foinseach (FCF), an díolúine ó cháin do charthanais, scéim na dtabhartas carthanacha agus bainistiú taiscí cánach gan leithdháileadh.

**22.2** Is éard atá i gceist le taiscí cánach gan leithdháileadh ná íocaíochtaí a dhéanann cáiníocóirí ach nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim ceangal a dhéanamh idir iad agus taifead an cháiníocóra de dheasca easpa eolais, nó íocaíochtaí a dhéantar ar cuntas i gcúrsa iniúchtaí cánach agus socruithe iniúchta. Aistrítear a leithéid d'iarmhéideanna chuig an Státchiste de bhun dhualgais reachtacha na gCoimisinéirí Ioncaim.

**22.3** Éilítear leis na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* go n-aistrítear ioncam chuig an Státchiste gan aon rómhoill.[1] I gcúrsa an iniúchta ar chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim do 2016, fuarthas amach go raibh iarmhéideanna a bhain le dhá chatagóir chánach – an cháin sóinseála agus an cháin shiarchoinneálach scannánaíochta – tar éis carnadh agus i gcuntas sa Bhanc Ceannais ag deireadh na bliana.

### *Cáin sóinseála*

**22.4** Is éard is cáin sóinseála ann ná asbhaint cánach ioncaim ar an ráta caighdeánach. Caithfidh bainc agus gnólachtaí stocbhróicéireachta í a íoc, óir is gníomhairí údaraithe íoctha agus bailithe iad, nuair a dhéanann íocaíocht nó nuair a fhaigheann íocaíocht de na cineálacha seo a leanas

- díbhinní áirithe ioncaim phoiblí nó
- ús agus díbhinní i leith aonáin áirithe neamhchónaitheacha.[2]

Tugadh an cháin sóinseála isteach in 2012, agus bíonn na fáltais iníoctha leis an Ard-Bhailitheoir.

### *Cáin shiarchoinneálach scannánaíochta*

**22.5** De réir na reachtaíochta, cuirtear an cháin shiarchoinneálach scannánaíochta i bhfeidhm ar íocaíochtaí a dhéantar le healaíontóirí neamhchónaitheacha atá ar cuairt ó thaobh amuigh den AE nuair a fhostaíonn cuideachtaí na healaíontóirí sin le bheith i scannáin agus i gcláir theilifíse a dhéantar taobh istigh den Stát.[3] Tháinig an reachtaíocht in éifeacht an 10 Eanáir 2015 agus ceadaítear léi cáin shiarchoinneálach ar íocaíochtaí ábhartha a dhéanann cuideachtaí atá incháilithe do chreidmheas cánach i leith scannánaíochta. Íoctar an cháin arna coinneáil siar leis an Ard-Bhailitheoir.

1 *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*, Alt C5, mír 13.

2 Alt 38, an tAcht Airgeadais, 2012

3 Alt 25, an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2013.

## Nósanna imeachta leithdháilte na gCoimisinéirí Ioncaim


**22.6** Aistrítear íocaíochtaí a dhéanann cáiníocóirí leis an Ard-Bhailitheoir i leith dliteanais chánach chuig cuntas bainc de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim sa Bhanc Ceannais, lena n-aistriú chuig an Státchiste gach lá. Déantar taifid na gcáiníocóirí (arna gcoinneáil ar Chóras Comhtháite Cánachais na gCoimisinéirí Ioncaim) a nuashonrú ag an am céanna de réir mar is cuí.

**22.7** Sa chás nach n-éiríonn leis an Ard-Bhailitheoir ceangal a dhéanamh idir na fáltais agus an taifead cuí/na taifid chuí, cuirtear na suimeanna a fuarthas i dtaisce i gcuntas bainc le haghaidh 'taiscí cánach gan leithdháileadh' nó i gcuntas coinneála atá ag na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhanc Ceannais. Leantar an nós imeachta céanna a bheag nó a mhór nuair nach féidir leis an Ard-Bhailitheoir an cáiníocóir a aithint as an eolas a chuirtear ar fáil nuair a dhéantar an íocaíocht. Tá socrú ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an mBanc Ceannais go n-aistrítear an t-airgead amach as na cuntais choinneála chuig cuntas de chuid an Státchiste gach lá.

### *Aistriú moillithe chuig an Státchiste*

**22.8** Ní raibh fáltais ó cháin sóinseála de luach beagán ní ba lú ná €31 milliún, a charn idir 2012 agus 2016, leithdháilte ar thaifid cáiníocóirí amhail ag deireadh 2016 (féach Fíor 22.1). Coinníodh an t-iarmhéid i gcuntas coinneála na gCoimisinéirí Ioncaim sa Bhanc Ceannais agus níor aistríodh chuig an Státchiste ag deireadh na bliana é.

**Fíor 22.1 Cáin sóinseála charntha — 2012 go 2016**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**22.9** Ní raibh fáltais ó cháin shiarchoinneálach scannánaíochta de luach €1 milliún, a charn in 2015 agus in 2016, leithdháilte ar thaifid cáiníocóirí amhail ag deireadh 2016 ach an oiread. Mar an gcéanna le cás na cánach sóinseála, coinníodh na fáltais i gcuntas coinneála na gCoimisinéirí Ioncaim sa Bhanc Ceannais agus níor aistríodh chuig an Státchiste ag deireadh na bliana iad.

**22.10** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl nach raibh fáltais ó na cánacha sóinseála ná siarchoinneálaí scannánaíochta nasctha leis an gcóras uathoibríoch atá acu le taifead a choinneáil ar cháiníocóirí agus go raibh siad taobh amuigh de na gnáthnósanna bailithe cánach dá bhrí sin.[1] Cuireadh fáltais ó na cánacha sin i dtaisce sa chuntas coinneála sa Bhanc Ceannais, agus coinníodh sonraí maidir leis na fáltais i mbunachar sonraí ar leith.

1 Taifeadtar suimeanna cánach atá fós le leithdháileadh ar thaifid cáiníocóirí ar chlár comhardaithe cuntas na gCoimisinéirí Ioncaim mar shuimeanna atá fós le hadmháil agus le leithdháileadh (dliteanas) agus mar iarmhéid bainc (sócmhainn).

**22.11** Cé go n-aistrítí na cistí ón gcuntas coinneála chuig an Státchiste ar bhonn laethúil, coinníodh siar suim ag deireadh na bliana a bhí cothrom le hiomlán na gcánacha sóinseála agus siarchoinneálaí scannánaíochta gan leithdháileadh, .i. €32 milliún. Laghdaíodh na haistrithe chuig an Státchiste sna laethanta deiridh de 2016 leis an méid sin a bhaint amach. Níor cuireadh an próiseas céanna i bhfeidhm i gcás cánacha eile a phróiseáiltear tríd an gcuntas coinneála sa Bhanc Ceannais.

**22.12** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl nach raibh córais curtha i bhfeidhm acu leis na fáltais ón gcáin sóinseála ná ón gcáin shiarchoinneálach scannánaíochta a cheangal leis an gcáiníocóir ábhartha go huathoibríoch toisc go raibh orthu tús áite a thabhairt d'fhorbairtí TF eile. Bhí moill ar leithdháileadh na bhfáltas dá bharr sin.

**22.13** Tá áis íocaíochta ar líne i gcomhair na gcánacha seo forbartha anois agus tá sí lán-nasctha le taifead an chustaiméara. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur leithdháileadh cáin sóinseála €31 milliún ar thaifid cáiníocóirí agus gur aistríodh chuig an Státchiste go buan í i mí Aibreáin 2017. Aistríodh an cháin shiarchoinneálach scannánaíochta chuig an Státchiste go buan i mí an Mheithimh 2017.[1]

### *Forbairtí teicniúla eile*

**22.14** Saoráid íocaíochta ar líne is ea RevPay a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach in 2016. Tá sé ceaptha cur ar chumas cáiníocóirí íocaíochtaí a dhéanamh ar líne i leith níos mó cineálacha cánach ná riamh, cibé acu trí ROS nó trí moChúrsaí. Áirítear leo siúd an cháin sóinseála agus an cháin shiarchoinneálach scannánaíochta. Anois go bhfuil RevPay ar an bhfód, beidh cáiníocóirí in ann na mórchineálacha dliteanais cánach a íoc ar líne agus nuashonróidh an córas taifead an cháiníocóra go huathoibríoch ag an am céanna. Ba chóir go laghdófaí na hiarmhéideanna cánach gan leithdháileadh amach anseo de bharr na saoráide sin.

**22.15** I gcás cánacha a leanfar dá n-íoc trí ríomhaistriú airgid, amhail cáin ioncaim, CBL agus cáin ghnóthachan caipitiúil, nuashonrófar taifead an cháiníocóra tar éis an cáiníocóir a aithint.

1 Ba é €1.7 milliún iarmhéid na cánach siarchoinneálaí scannánaíochta gan leithdháileadh amhail an 31 Bealtaine 2017.

## Conclúidí agus moltaí

**22.16** Bhí moill shuntasach ar na fáltais ón gcáin sóinseála agus ón gcáin shiarchoinneálach scannánaíochta a lua sna cuntais. Bhí gach eolas ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhí de dhíth orthu le ceangal a dhéanamh idir na fáltais agus cuntais ábhartha na gcáiníocóirí. Mar gheall gur tugadh tús áite do thionscadail eile, ní raibh an próiseas leithdháilte don dá chatagóir chánach uathoibrithe agus ní dhearnadh an leithdháileadh de láimh.

### Moladh 22.1

Nuair a thugtar cineálacha nua cánach isteach, ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go ndéantar córas na dtaifead cáiníocóirí a nuashonrú le go sannfar na híocaíochtaí cánach arna bhfáil do thaifead an cháiníocóra chuí ar bhonn tráthúil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Aontaíonn na Coimisinéirí Ioncaim gur chóir go ndéanfaí aon infreastruchtúr TF is gá i dtaca le haon chineál cánach nua a fhorbairt in am is i dtráth le go bhféadfaí gach tuairisceán agus íocaíocht lena mbaineann a phróiseáil agus a thaifeadadh mar is ceart.

Bíodh sin mar atá, is minic a chaithfidh na Coimisinéirí Ioncaim a riachtanais forbartha a chur in oiriúint gan mhoill d’athruithe éigeantacha a dhéantar ar an gcóras cánach. D’fhéadfadh na hathruithe sin a bheith idir chasta agus éagsúil agus tarlaíonn siad ar chúiseanna éagsúla, mar shampla, nuair a thagann reachtaíocht nua in éifeacht nó nuair a fhoilsítear an cháinaisnéis. Fágtar riachtanais eile TF in áit na leathphingine ina leithéid de chásanna agus cuirtear ar an méar fhada iad.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim an-dáiríre faoina riachtanais TF agus déanann gach uile iarracht táirgí ar ardchaighdeán a sheachadadh chomh luath agus is féidir. D’fhonn a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as acmhainní forbartha, atá gann go leor, déanann Feidhmeannas TF gach mórthionscadal a mheas agus a fhaomhadh. Bíonn ar an bhfeidhmeannas sin roinnt rúnaithe agus déanann Coimisinéir cathaoirleacht air.